2024/1413

27.5.2024

CINNEADH (AE) 2024/1413 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Aibreán 2024

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Bealtaine 2003, ghlac an Coimisiún teachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa dar teideal *Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT): proposal for an EU action plan* [Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT): togra le haghaidh plean gníomhaíochta AE]. Leis an bPlean Gníomhaíochta a leagtar amach sa teachtaireacht sin ('Plean Gníomhaíochta FLEGT') iarradh bearta chun aghaidh a thabhairt ar logánú neamhdhleathach trí chomhaontuithe comhpháirtíochta deonaí a fhorbairt le tíortha táirgthe adhmaid. Glacadh conclúidí ón gComhairle maidir leis an bplean gníomhaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2003 ([2]) agus glacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an ábhar an 11 Iúil 2005 ([3]).

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE)2024/1412 ón gComhairle ([4]) , síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach ('an Comhaontú') an 19 Feabhra 2024, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo an Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach a fhormheas thar ceann an Aontais ([5]) .

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Chomhaontú ([6]).

Airteagal 3

Is é an Coimisiún Eorpach a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste cur chun feidhme a chuirfear ar bun de bhun Airteagal 19 den Chomhaontú.

([1]) Toiliú an 10 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) IO C 268, 7.11.2003, lch. 1.
([3]) IO C 157 E, 6.7.2006, lch. 482.
([4]) Cinneadh (AE) 2024/1412 ón gComhairle an 19 Feabhra 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i dáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) (IO L, 2024/1412, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1412/oj).
([5]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2024/1414 an 27.5.2024.
([6]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Féadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh, mar chomhaltaí de thoscaireacht an Aontais, i gcruinnithe de chuid an chomhchoiste cur chun feidhme.

Airteagal 4

D'fhonn leasú a dhéanamh ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú i gcomhréir le hAirteagal 26 den Chomhaontú, údaraítear an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle ([7]), leasuithe den sórt sin a fhormheas thar ceann an Aontais.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. CLARINVAL

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).